

# RÁITEAS STRAITÉISE

2016 - 2018



**Coimisiún na hÉireann um Chearta  
an Duine agus Comhionannas**

**Irish Human Rights and Equality Commission**

Arna fhoilsiú den chéad uair i mí Eanáir 2016


ag

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas  
16–22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7, D07 CR20.

Cóipcheart © Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2015  
Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC)  
faoi reacht ar an 1 Samhain 2014 chun cearta an duine agus an comhionannas in  
Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn, chun cultúr measa ar chearta an duine, ar an  
gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn, chun tuiscint agus  
feasacht ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn, agus  
chun oibriú i dtreo mí-úsáidí chearta an duine agus idirdhealú a dhíbirt.

# CLÁR

- 1 An Brollach leis an bPríomh-Choimisinéir Emily Logan
- 3 Cé muid féin
- 4 Ár misean, ár bhfís agus ár sainordú
- 5 Ár luachanna
- 6 Spriocanna straitéiseacha
- 8 Monatóireacht a dhéanamh ar ár dtorthaí straitéiseacha 2016 - 2018
- 9 An ráiteas straitéise seo a ullmhú
- 11 Dearbhú Alt 42 ó Stiúrthóir Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
- 12 Aguisín



# AN BROLLACH



Thar ceann an Choimisiúin, is mór agam an chéad Phlean Straitéiseach de chuid Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a chur i láthair.

Tá ár sainordú, arna leagan amach san Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, Prionsabail Pháras de chuid na Náisiún Aontaithe a shocraigh na caighdeáin idirnáisiúnta d'fhorais náisiúnta um chearta an duine, trí chomhairliúchán le forais chosúla, lena n-áirítear forais chumaiscthe agus an iomaí duine a ghlac páirt inár gcomhairliúchán poiblí ar fud na tíre i rith 2015 mar bhonn eolais dár bplean.

Féachaimid leis seo, ár gcéad phlean straitéiseach, le meas a léiriú ar an obair a rinne an dá chomhlacht oidhreachta: an tÚdarás Comhionannais agus Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine, agus le tógáil ar na hiarrachtaí sin agus iad a fhorbairt.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún sa reachtaíocht a threoraíonn ár gcuid oibre ráiteas straitéiseach a ullmhú gach trí bliana. Cuimsítear an tréimhse 2016 go 2018 sa phlean seo.

Mar Choimisiún, chomhaontaíomar cúig phríomhspríoc straitéiseacha a threoróidh ár gcuid oibre as seo go ceann trí bliana:

- Ceannaireacht
- Ár gcumhachtaí dlíthiúla, dualgas poiblí go háirithe, a chur i bhfeidhm go réamhghníomhach
- Tuiscint ar dhoroainteacht an chomhionannais agus chearta an duine a chur chun cinn
- Comhionannas agus cearta an duine a chur i gcrích
- Éagsúlacht agus tuiscint idirchultúrtha

"Ní mór go mbeadh an Coimisiún ar thús cadhnaíochta don chomhionannas agus do chearta an duine agus tugann sé sin cothroime fócais don dá chlár oibre. Chun cultúr measa ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas in Éirinn a chur chun cinn, caithfidh sé cearta a fhíorú i mbealach an-phraiticiúil, ag cur na gcásanna sin ina sáraítear cearta an duine in iúl agus ag tabhairt aghaidh orthu. Caithfidh sé a bheith spleodrach, forásach, dúshlánach."

Aistriúchán ar shliocht ón gcomhairliúchán poiblí, mí an Mheithimh 2015

Ar deireadh, is é cuspóir an phlean straitéisigh seo cur le hÉirinn chuimsitheach ina léirítear meas ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas, ina gcuirtear chun cinn iad agus ina mbaintear amach iad do gach duine, i ngach áit.

## Emily Logan

An Príomh-Choimisinéir

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Eanáir 2016



**Thuas, ón taobh clé:** An Príomh-Choimisinéir Emily Logan, Teresa Blake SC, Frank Conaty, Heydi Foster-Breslin, Liam Herrick, David Joyce BL, Mark Kelly, Sunniva McDonagh SC, an tOllamh Siobhán Mullally, an Dochtúir Mary Murphy, an tOllamh Ray Murphy, an Dochtúir Fidèle Mutwarasibo, Orlagh O’Farrell, Betty Purcell agus Kieran Rose.

**Thíos:** An Príomh-Choimisinéir agus Comhaltaí an Choimisiúin ag fáil a séalái oifige ón Uachtarán Micheál D. Ó hUiginn in Áras an Uachtaráin



# CÉ MUID FÉIN

Is é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas foras náisiúnta na hÉireann um chearta an duine agus um an gcomhionannas.

Comhlacht poiblí neamhspleách muid a thairiscíonn don Oireachtas, le sainordú a bunaíodh faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Áirítear san Acht feidhmeanna Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine mar a bhí agus an Údarás Comhionannais mar a bhí agus breisítear tuilleadh iad.

Is é an cuspóir atá againn cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn agus cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha ar fud shochaí na hÉireann a thógáil.

Cinneann 15 chomhalta an Choimisiúin ár gcuid oibre go neamhspleách; cheap ár gCeann Stáit, an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn na comhaltaí in 2014. Léirítear sainghné shochaí na hÉireann go ginearálta i mballraíocht éagsúil an Choimisiúin.

Oibrímid i mbealaí éagsúla chun cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn.

Tá réimse leathan i gceist le hobair an Choimisiúin, ó oibriú ar leibhéal beartais chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an dlí, an bheartais agus an chleachtais a bhaineann le cearta an duine agus leis an gcomhionannas sa Stát agus laistigh de chomhlachtaí poiblí go hoibriú le pobail agus leis an tsochaí shibhialta chun monatóireacht agus tuairiscí a dhéanamh ar fhíorthaithí na ndaoine ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas.

Áirítear lenár gcumhachtaí dlíthiúla cúnamh praiticiúil a thabhairt, lena n-áirítear cúnamh dlí chun cabhrú le daoine a gcearta a chosaint agus rannchuidiú le cásanna dlí (amicus curiae) a phléann le comhionannas nó le cearta daonna duine.

Is cuma má bhímid ag tabhairt aghaidh ar imní aonair, i mbun plé leis an rialtas nó le comhlachtaí poiblí ar shaincheisteanna beartais agus cleachtais nó ag méadú feasachta i measc an phobail ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas, is é an tasc atá romhainn sochaí chothrom agus chuimsitheach a thógáil a chosnaíonn cearta an duine agus an comhionannas agus a chuireann chun cinn iad.

Is é ár bhfís go mbeadh Éire chuimsitheach againn ina léirítear meas ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas, ina gcuirtear chun cinn iad agus ina mbaintear amach iad **do gach duine, i ngach áit**.

## FÍS

Éire chuimsitheach ina léirítear meas ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas, ina gcuirtear chun cinn iad agus ina mbaintear amach iad do gach duine, i ngach áit.

## MISEAN

Sochaí chothrom agus chuimsitheach a thógáil a chosnaíonn cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn agus a chuireann chun cinn iad.

## SAINORDÚ

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas an 1 Samhain 2014, faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Agus é ag tabhairt faoina shainordú, ceanglaítear ar an gCoimisiún le halt 10(3) den Acht a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus é ag féachaint le forbairt sochaí mar seo a leanas a spreagadh agus tacú léi:

A

Sochaí ina bhfuil meas ar chearta daonna gach duine, agus ina gcosnaítear iad

B

Sochaí ina bhfuil meas ar dhínit agus ar luach gach duine

C

Sochaí ina gcinntítear nach bhfuil srian ar chumas duine a lánacmhainneacht a bhaint amach mar gheall ar chlaontacht, ar idirdhealú, ar fhaillí nó mar gheall ar iompar coiscthe

D

Sochaí ina bhfuil deis chothrom agus chomhionann ag gach duine páirt a ghlacadh i saol geilleagrach, polaitiúil, sóisialta nó cultúrtha an Stáit, agus

E

Sochaí ina bhfuil cóimheas idir daoine, lena n-áirítear aicmí daoine<sup>1</sup>, bunaithe ar chomhthuiscint ar luach na héagsúlachta laistigh de shochaí agus ar chóimheas ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas

1 Alt 10(3)(e) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

# LUACHANNA

<b>Neamhspleáchas</b>	Is comhlacht neamhspleách é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas i bhfeidhmíocht a fheidhmeanna agus tugann sé faoina shainordú le crógacht, le déine agus le cothroime.
<b>Cuntasacht</b>	Tá Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas go hiomlán tiomanta do luachanna na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta don phobal agus don Oireachtas.
<b>Rannpháirteachas</b>	Cinnteoimid na caighdeáin rochtana agus tacaíochta is airde do dhaoine a bhfuil cearta acu, ag cruthú timpeallachta a chumasaíonn rannpháirteachas gníomhach, go háirithe rannpháirteachas iad siúd is lú buntáiste, chun iad a chumasú lena gcearta daonna a bhaint amach agus a gcomhionannas a dhaingniú.
<b>Ceartha an Duine, Comhionannas agus Neamh-idirdhealú</b>	Feidhmímid ar bhunús an Achta fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 – tá an Coimisiún tiomanta do bhunphrionsabail an chomhionannais, an neamh-idirdhealaithe agus dhoroainteacht chearta an duine.
<b>Ceartha agus Caighdeáin</b>	Cuirfimid Éire ar thús cadhnaíochta i ndea-chleachtas chearta an duine agus an chomhionannais trí na caighdeáin is airde de chosaint chearta an duine agus an chomhionannais a chur i bhfeidhm.
<b>Dínit agus Meas</b>	Mar Choimisiún, caithfimid leis an bpobal, le páirtithe leasmhara, lenár bhfoireann agus lena chéile le comhbhá, le dínit agus le meas inár n-obair agus inár n-idirghníomhaíochtaí ar fad.

## SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA

### SPRIOC 1

**Ceannaireacht**

### SPRIOC 2

**Ár gcumhachtaí dlíthiúla, dualgas poiblí dearfach go háirithe, a chur i bhfeidhm go réamhghníomhach**

### SPRIOC 3

**Tuiscint ar dhoroainteacht an chomhionannais agus chearta an duine a chur chun cinn**

### SPRIOC 4

**Comhionannas agus cearta an duine a chur i gcrích**

### SPRIOC 5

**Éagsúlacht agus tuiscint idirchultúrtha**

## SPRIOC 1 Ceannaireacht

Faoi 2019 tabharfar aitheantas dúinn mar eagraíocht údarásach atá ag spreagadh agus ag cumasú barr feabhais i gcearta an duine agus sa chomhionannas. Breathnófar orainn mar eagraíocht ag a bhfuil cultúr láidir bunaithe ar luachanna a thagann le cur chuige uailmhianach agus cróga i leith chearta an duine agus an chomhionannais.

### Chun an fhís sin a bhaint amach, beidh againn:

- Cur chuige réamhghníomhach agus dúshlánach, ag tacú le barr feabhais i gcosaint chearta an duine agus an chomhionannais in Éirinn;
- Clú láidir údarásach mar eagraíocht a imríonn tionchar ar fhíorathrú, ag cruthú cultúr níos deimhne de chearta an duine agus den chomhionannas.

## SPRIOC 2 Ár gcumhachtaí dlíthiúla, dualgas poiblí go háirithe, a chur i bhfeidhm go réamhghníomhach

Faoi 2019 beidh athrú intomhaiste ar chleachtas iad siúd ar a bhfuil na príomhdualgais de bharr a bhfeasachta ar dhlí agus ar dhea-chleachtas chearta an duine agus an chomhionannais.

### Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Ár gcumhachtaí dlíthiúla agus rialála a chur i bhfeidhm go réamhghníomhach;
- Comhlíonadh chearta an duine agus an chomhionannais i bhfostaíocht agus i seachadadh seirbhíse a mhonatóiriú go héifeachtach;
- A chinntiú go gcuirtear caighdeán chearta an duine agus an chomhionannais i bhfeidhm go láidir – an Coinbhinsiún um Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus an Prótacal roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún i gcoinne an Chéasta go háirithe;
- A chinntiú go bhfuil siad siúd ar a bhfuil dualgais i bhfad níos feasaí faoina n-oibleagáidí i leith daoine a bhfuil cearta acu agus go gcoimeádtar cuntasach iad ar bhealach níos éifeachtaí;
- Cur chuige straitéiseach a úsáid i leith úsáid anailísíocht sonraí agus taighde a spreagann cinnteoireacht éifeachtach ar shaincheisteanna um chearta an duine agus um an gcomhionannas agus a thacaíonn léi.

## SPRIOC 3 Tuiscint ar dhoroinnteacht an chomhionannais agus chearta an duine a chur chun cinn

Faoi 2019 beidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas tar éis tacaíocht a chur chun cinn agus a thógáil do dhearcadh iomlánaíoch i leith chearta an duine, agus aird faoi leith ar chearta socheacnamaíocha.

### Seachadfaimid:

- Straitéis a rachaidh i ngleic le saincheisteanna móra um chearta an duine agus um an gcomhionannas agus a imreoidh tionchar orthu;
- Straitéis taighde ghníomhach bunaithe ar fhianaise a fheabhsaíonn agus a bhreisíonn cinnteoireacht ar shaincheisteanna um chearta an duine agus um an gcomhionannas;

...ar lean

- Cinnteacht go léirítear cearta an duine agus an comhionannas i bpríomhphróiseas reachtaíochta agus buiséadaithe;
- Tacaíocht bhreistithe do bhearta leathnaithe cosanta do chearta socheacnamaíocha.

## SPRIOC 4 **Comhionannas agus cearta an duine a chur i gcrích**

Faoi 2019 beidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas tar éis dul chun cinn straitéiseach a bhaint amach i réimsí ríthábhachtacha chearta an duine agus an chomhionannais trí throid in aghaidh an idirdhealaithe agus trí chearta a chosaint, go háirithe cearta iad siúd is lú buntáiste.

### **Bainfidimid sin amach ach iad seo a leanas a dhéanamh:**

- A bheith réamhghníomhach i dtacaíocht a chur ar fáil do dhaoine agus a gcearta a chosaint;
- Dea-chleachtas agus na caighdeáin is airde in oideachas chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn;
- Comhoibriú láidir a bheith againn le hoibrithe agus le grúpaí fostóra chun cearta an duine agus an comhionannas a spreagadh;
- Comhpháirtíochtaí oibre éifeachtacha a chur i bhfeidhm a chumasaíonn an tsochaí shibhialta chun cearta an duine agus an comhionannas a chur chun cinn;
- Cruthú timpeallacht measa ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas in Éirinn a chur chun cinn trí chaighdeáin chearta an duine agus an chomhionannais a chur i bhfeidhm agus a mhonatóiriú go héifeachtach.

## SPRIOC 5 **Éagsúlacht agus tuiscint idirchultúrtha**

Caidrimh idirchultúrtha éifeachtacha agus dhearfacha in Éirinn a chur chun cinn agus cur leo.

Faoi 2019 beidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, trí shraith idirghabhálacha dearfacha, tar éis aitheantas an phobail d'éagsúlacht agus do chaidrimh idirchultúrtha mar ghné dhearfach i saol na hÉireann a bhreisiú.

### **Bainfidimid sin amach ach iad seo a leanas a dhéanamh:**

- Tuiscint ar an idirchultúrachas bunaithe ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas a sheachadadh agus a chur in iúl;
- Rannpháirtíocht ghníomhach le grúpaí difriúla sa tsochaí;
- Dea-chleachtas san idirchultúrachas a chur chun cinn, trí idirphlé idirchultúrtha agus idirchreidmheach a chur chun cinn ina measc;
- Cur i gcoinne an chiníochais agus cineálacha éadulaingthe a bhaineann leis;
- Iolrachas agus glacadh le difríochtaí a chur chun cinn, ag spreagadh cultúr measa ar shaoirse agus ar dhínit agus tuiscint ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas sa Stát.

# MONATÓIREACHT A DHÉANAMH AR ÁR dTORTHAÍ STRAITÉISEACHA 2016 - 2018

Cabhróidh siad seo a leanas linn monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a n-éiríonn leis na spriocanna sin sa chéad timthriall straitéiseach dár gcuid.

1

- Muinín mhéadaithe i measc an phobail i gcumas Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn
- Feasacht mhéadaithe ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus tuiscint ar a bhun-sainordú i measc an phobail mhóir agus i measc páirtithe leasmhara tábhachtacha eile

2

- Feasacht mhéadaithe ina measc siúd ar a bhfuil dualgais maidir le dlí agus le beartas chearta an duine agus an chomhionannais
- Gníomh dearfach méadaithe ina measc siúd ar a bhfuil dualgais maidir le dlí agus le beartas chearta an duine agus an chomhionannais
- Dlí um chearta an duine agus an chomhionannais forbartha tuilleadh nó soiléirithe, lena n-áirítear dul chun cinn i réimse an daingnithe conartha

3

- Forbairt thomhaiste ar fheasacht, ar thuiscint agus ar thacaíocht an phobail maidir le cearta socheacnamaíocha
- Aitheantas do luach breithniúcháin ar chearta an duine agus an chomhionannais mar chuid den phróiseas buiséadaithe
- Sonraí feabhsaithe um chearta an duine agus um an gcomhionannas, a chuireann le níos mó cinnteoireachta bunaithe ar fhianaise

4

- Méadú tomhaiste ar an tuiscint ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas, agus ar an gcaoi a gcosnaítear na cearta sin, i measc an phobail mhóir, lena n-áirítear daoine níos lú buntáiste
- Gluaiseacht fhorásach i mbeartas nó i gcleachtas náisiúnta maidir le saincheisteanna ábhartha um chearta an duine agus um an gcomhionannas
- Roinnt eolais agus tionchar comhardaithe níos mó idir páirtithe leasmhara i leith cearta an duine agus an comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn

5

- Méadú tomhaiste ar thuiscint an phobail ar éagsúlacht agus ar idirchultúrachas
- Méadú tomhaiste ar ghlacadh níos fearr i measc an phobail le héagsúlacht agus le hidirchultúrachas mar ghné dhearfach
- Gluaiseacht fhorásach i mbeartas náisiúnta maidir le príomhréimsí na héagsúlachta agus an idirchultúrachais.

# AN RÁITEAS STRAITÉISE SEO A ULLMHÚ

## Suirbhé

I mí an Mhárta 2015, thug an Coimisiún faoi shuirbhé náisiúnta le breis agus míle duine chun feachtas agus dearcchá i leith chearta an duine agus an chomhionannais i measc an ghnáthphobail a thomhas mar bhonn dá chuid oibre.

Thug an suirbhé aghaidh ar leibhéal feachtas agus tuisceana ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas, ar dhearcchá i leith chearta an duine agus an chomhionannais, agus ar eolas daoine aonair ar a gcearta agus ar na príomhbhealaí atá ar fáil dóibh chun a gcearta a chosaint. Foilsíodh tuarascáil an tsuirbhé i mí Iúil 2015, agus tá cuid de na príomhthorthaí anseo a leanas:

- Go gairid roimh an reifreann i mí na Bealtaine 2015 chun Bunreacht na hÉireann a leasú chun cothromas pósta a cheadú, chreid 41% gur ceannródaí í Éire san Eoraip i gcúrsaí chearta an duine do mhuintir na tíre; mhéadaigh an líon sin go 54% i ndiaidh an reifrinn.
- Creideann formhór mór na ndaoine a bhí páirteach sa suirbhé – 79% – go bhfuil níos mó le déanamh fós ag Éirinn chun cearta an duine agus an comhionannas a chosaint.
- Creideann 96% go bhfuil dlíthe a chosnaíonn cearta an duine tábhachtach chun sochaí níos cothroime agus níos comhionannais a chruthú, agus tá an-suim ag 93% in Éirinn a dhéanamh níos cothroime dóibh siúd a chónaíonn anseo.

## Comhairliúchán poiblí ar an ráiteas straitéise

Sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí ar an bPlean Straitéiseach i mí an Mheithimh 2015. Comhairliúchán poiblí ar fud na tíre ab ea ‘Léirigh Do Thuairimí’ a reáchtáladh thar thréimhse cúig mhí chun feidhmiú mar bhonn eolais d’fhorbairt an chéad phlean straitéise de chuid an Choimisiúin.

Áiríodh le sraitheanna difriúla an chomhairliúcháin aighneachtaí scríofa, cruinnithe poiblí agus gníomhaíocht for-rochtana, a díriodh ar rannpháirteachas a spreagadh i measc grúpaí agus eagraíochtaí éagsúla a bhíonn ag plé le cearta an duine agus leis an gcomhionannas.

Reáchtáil an Coimisiún sraith d’ocht gcruinniú comhairliúcháin phoiblí, ag tosú i gCorcaigh agus i bPort Láirge, le cruinnithe ina dhiaidh sin i Luimneach, i nGaillimh, sa Longfort, i Leitir Ceanainn, i Sligeach agus i mBaile Átha Cliath. D’fhreastail 290 duine ar na cruinnithe poiblí sin.

I dteannta na gcruinnithe ar fud na tíre, d’óstáil an Coimisiún seastán ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i mí Mheán Fómhair 2015, atá ar an taispeántas faoin spéir is mó san Eoraip agus ar fhreastail 281,000 duine air. D’fhreastail an Príomh-Choimisinéir agus Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, ar an gcéad lá den taispeántas.



Tugadh cuireadh freisin don phobal agus don tsochaí shibhialta aighneachtaí scríofa a chur nó tabhairt faoi shuirbhé ar líne. Fuarthas 61 aighneacht scríofa ar an iomlán, agus comhlánaíodh 58 bhfoirm suirbhé ar líne. Cuireadh an comhairliúchán poiblí chun cinn sna meáin chlóite náisiúnta agus áitiúil, ar an raidió áitiúil, agus trí na meáin shóisialta.

Scríobh an Coimisiún chuig líon mór eagraíochtaí sa tsochaí shibhialta, san earnáil stáit, san earnáil oideachais, agus sna hearnálacha geilleagracha agus sóisialta, ag iarraidh orthu cur leis an bpróiseas comhairliúcháin.

Chuaigh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin freisin le daoine óga agus le daoine aonair agus le heagraíochtaí a bhfuil taithí dhíreach acu ar shaincheistanna um chearta an duine agus um idirdhealú, lena n-áirítear oibríthe imirceacha gan cáipéisí inimirce, úsáideoirí seirbhísí meatadóin, daoine scothaosta a chónaíonn i gcúram institiúideach agus na daoine a n-imríonn an bhochtaineacht tionchar díreach orthu.

Mar chuid den chomhairliúchán poiblí, iarradh ar rannpháirtithe a ndearcthaí a thabhairt maidir leis na cúig dhréachsprioc chun obair an Choimisiúin a threorú. Iarradh orthu freisin na hathruithe ba mhaith leo a fheiceáil i réimse chearta an duine agus an chomhionannais a shainaithint; na straitéisí a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun go dtarlódh na hathruithe sin agus na bacainní a d'fhéadfadh cur isteach ar bhaint amach na n-athruithe sin.

Bhí prionsabail chearta an duine agus an chomhionannais i leith rannpháirteachais agus rannpháirtíocht dhíreach mar bhonn eolais dár gcur chuige i leith an chomhairliúcháin. Chuir an próiseas fairsing sin líon mór eolas saibhir ar fáil don Choimisiún a ndearnadh próiseáil agus anailísíú air ansin ag úsáid chur chuige bunaithe ar thorthaí i leith pleanáil straitéiseach. Bhí an anailís cuimsitheach agus áiríodh léi an t-aiseolas a mhiondealú agus a eagrú i mbealaí éagsúla, ar nós téamaí faoi gach sprioc, smaointe a moladh chun athrú nó rath a bhaint amach (tionchair níos fadtéarmaí) agus straitéisí chun an t-athrú a bhaint amach (aschuir níos gearrthéarmaí). Leagadh béim san anailís freisin ar na bacainní nó ar na dúshláin a sainithníodh. Bhí ról suntasach ag an aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí mar bhonn eolais don phróiseas pleanála straitéisí agus i dteannta gnéithe eile – ar nós breithniúchán ar ár bhfeidhmeanna reachtúla agus ar ár sainordú reachtúil, ionchur agus aiseolas chomhaltaí agus fhoireann an Choimisiúin agus aiseolais ó pháirtithe leasmhara tábhachtacha – bhí sé ina bhonn eolais don chéad Phlean Straitéiseach de chuid Choimisiúin na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

# Dearbhú Alt 42 ó Stiúrthóir Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Foráiltear le hAlt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014:



Le linn do chomhlacht poiblí a fheidhmeanna a chomhlíonadh, beidh aird aige ar an ngá atá leis na nithe seo a leanas:

- a) idirdhealú a dhíbirt,
- b) comhionannas i ndeiseanna a fhoirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh agus sa chaoi a gcaitear leo a chur chun cinn, agus
- c) cearta daonna a chomhaltáí, a fhoirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh.

(aistriúchán ar Alt 42[1])

Ceanglaítear ar chomhlacht poiblí go leagfaí amach ina Phlean Straitéiseach measúnú ar na saincheisteanna um chearta an duine agus um an gcomhionannas a chreideann sé atá ábhartha d'fheidhmeanna agus do chuspóir an chomhlachta, agus na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a bheartaítear a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Ceanglaítear freisin ar chomhlachtaí poiblí forbairtí agus éachtaí ina leith sin a thuairisciú don phobal ina dtuarascálacha bliantúla.

Ar aon dul le comhlacht poiblí ar bith eile, tá feidhm ag an dualgas seo ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Murab ionann is comhlachtaí poiblí eile, is é ár sainordú reachtúil aghaidh a thabhairt ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas. I gcás seo againne, mar sin, cuireann an Ráiteas Straitéise seo ina iomláine measúnú i láthair ar na saincheisteanna um chearta an duine agus um an gcomhionannas a chreidimid atá ábhartha dár bhfeidhmeanna agus dár guspóir, agus na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a bheartaítear a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

Mar aon le comhlacht ar bith eile san earnáil phoiblí, caithfidimid cearta an duine agus an comhionannas a chur i bhfeidhm sa chaoi a mbimid ag cur ár gcuid feidhmeanna i bhfeidhm agus ag tabhairt faoinár n-obair laethúil. Tá feidhmeanna sonracha againn, a bhaineann le réimse oibre an dlí, beartais, taighde agus rannpháirtíocht an phobail. Áirítear leis na bpríomhréimsí fostaíocht agus soláthar laistigh dár ngnóthaí inmheánacha féin; cúnamh dlíthiúil dúinn féin, fiosruithe agus imeachtaí inár n-ainm féin laistigh dár ngnóthaí dlíthiúla; cúnamh agus tuairisciú laistigh dár ngnóthaí taighde; soláthar faisnéise agus oiliúint laistigh dár bhfeidhm um rannpháirtíocht an phobail; agus ar deireadh breathnuithe agus comhairliúcháin reachtúil laistigh dár ngnóthaí beartais.

Laiistigh de chur i bhfeidhm ár gcumhachtaí agus ár bhfeidhmeanna, leagfaimid béim láidir ar an gceart go bhfaigheadh cách nós imeachta cothrom, ar an gceart chun príobháideachais, ar an gceart go mbeadh rochtain chothrom ag cách agus ar an gceart go gcaithfí

mar an gcéanna le cách. Laiistigh dár ngnóthaí inmheánacha, cinnteoidimid go gcosnófar dínit agus leas ár bhfoirne agus go dtógfaimid cultúr rannpháirteachais agus measa; agus go mbeimid cothrom, cuimsitheach agus trédhearcach inár gcleachtais soláthair agus earcaíochta. Táimid tiomanta do chleachtais earcaíochta a fhéachann le foireann oibre éagsúil a bhaint amach.

Mar eagraíocht nua, ar cheann de na tosaíochtaí is airde a bhí againn go dtí seo bhí foireann a thógáil agus próisis agus struchtúr a chur i bhfeidhm a chruthaíonn timpeallacht oibre dhearfach agus thaitneamhach. Ar fud na foirne, táimid ag cur taithí sheasmhach bainistíochta i bhfeidhm a léiríonn meas ar struchtúir na státseirbhíse agus a dhéanann iarracht timpeallacht a chruthú ina mbeidh comhaltáí foirne in ann a lánchumas a bhaint amach. Táimid i mbun comhairliúcháin leis an bhfoireann faoi fhorbairt ár lámhleabhair do bheartas foirne agus faoi phleanáil gnó. Tá Grúpa Oibre Beartais um Chearta an Duine agus um an gComhionannas i bhfeidhm againn a dhéanann ionadaíocht ar an bhfoireann san eagraíocht ar fad agus a chabhraíonn le príonsabail chearta an duine agus an chomhionannais a chuimsiú i ngach a ndéanaimid.

Áireofar lenár bpríomhghníomhaíochtaí tabhairt faoi mheasúnachtaí tionchair chearta an duine agus an chomhionannais, bearta freastail réasúnta agus gníomhaíochta dearfaí a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm, treoirlínte a fhorbairt le haghaidh feidhmeanna sonracha agus cóid chleachtais. Mar shampla, thugamar faoina chinntiú go léirítear cearta an duine agus an comhionannas inár lámhleabhar d'fhostaithe. In 2016 beimid ag forbairt beartas agus cleachtas chun a chinntiú go gcuirtear rochtain agus freastal réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas san áireamh nuair atá obair na heagraíochta ar bun agus nuair atáthar ag plé leis an bpobal agus le heagraíochtaí eile. Leanfaimid ar aghaidh i mbun monatóireachta ar na gníomhaíochtaí sin agus ag tuairisciú fúthu.

  
**Sinéad Gibney**  
Stiúrthóir

# AGUISÍN

Tedil meáin chló a d'fhoilsigh fógra faoi Chomhairliúchán Poiblí Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas i rith mhí Mheán Fómhair / mhí Dheireadh Fómhair 2015:

- Irish Independent
- Irish Times
- Irish Examiner
- Evening Echo
- Metro Éireann
- Seachtain
- Corkman
- Waterford News and Star
- Limerick Leader
- Connaught Tribune
- Longford Leader
- Sligo Champion
- Donegal News



**Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas**  
Irish Human Rights and Equality Commission

### Public Consultation on the IHREC Strategy Statement 2016-2018

The Irish Human Rights and Equality Commission is developing its first Strategy Statement (2016-2018) which will be informed by a public consultation. During September and October eight public meetings will be held in the following locations:

- Cork - 16 Sept, Millennium Hall, Cork City Council
- Waterford - 17 Sept, Edmund Rice Heritage Centre
- Limerick - 23 Sept, Limerick City & County Council
- Galway - 24 Sept, Centre for Lifecourse & Society, NUIG
- Longford - 29 Sept, The Family Centre, St Mel's Cathedral
- Dublin - 1 Oct, Woodquay Venue, Dublin City Council
- Sligo - 07 Oct, Northside Community Centre, Holborn Hill
- Donegal - 08 Oct, Regional Cultural Centre, Letterkenny

To register for a public meeting please visit [www.ihrec.ie](http://www.ihrec.ie) or email [rvp@ihrec.ie](mailto:rvp@ihrec.ie)



## How do you believe human rights and equality can be protected and promoted?

By EMILY LOGAN  
Deputy Commissioner  
Irish Human Rights and Equality Commission

This autumn brings an exciting new phase for the Irish Human Rights and Equality Commission as we travel throughout the country engaging with a diversity of individuals, groups and organisations in our nationwide public consultation.

Our aim in the coming weeks is to provide people with an opportunity to have a say on the future strategy and work of the Commission.

The Commission is holding a series of eight public consultation meetings, including Waterford, Limerick, Galway, Longford, Letterkenny, Sligo and Dublin.

We hosted a stand for the first time at the National Ploughing Championships.

By taking this consultation to regional centres across the country, our aim is to take a pro-active approach, to seek out the views of a wide variety of people as we prepare our first strategy over the coming years.



Emily Logan  
Deputy Commissioner  
Irish Human Rights and Equality Commission

first Strategic Statement 2016-2018.

We know from a Red C survey conducted earlier this summer by the Commission that Irish people have a strong engagement with human rights and equality. The poll showed that almost everyone cares deeply about making Ireland a fairer place to live. But a majority also believe that more needs to be done to achieve this aim.

There is broad support for the principles of human rights and equality, and for the protection of minorities. For example, a total of 96 per cent believe that no matter who you are or where you come from, you should be treated equally.

Half of the respondents, in particular younger people, believe that minority rights are not respected. Just over a quarter of those polled believe

that members of immigrant communities and the Traveller communities are respected in Ireland, compared to 10 per cent who believe they are not. We see this consultation as a welcome opportunity to engage with members of the public about the Commission's goals to protect human rights and create a fairer, more equal society.

The Commission was established as an independent statutory authority less than a year ago, in November 2014. Our independence is established by the appointment of the members of the Commission by our head of state, President Michael D Higgins.

The Commission is accountable to the Oireachtas for its statutory functions and we aim to build a welcoming organisation that nurtures a culture of respect for human rights, equality and intercultural understanding.

We have five key goals developed in the context of our mandate and functions as set out in the Irish Human Rights and Equality Act 2014.

Those goals centre on playing a leadership role: the pro-active monitoring of and compliance with human rights and equality principles; respecting the interdependence of all rights -- civil, political,

economic, social and cultural; making rights real for everyone, and promoting intercultural understanding. We are having rewarding engagements with members of the public, community groups, organisations and NGOs at our public meetings. A variety of groups and individuals came together to give their views on how to work towards the elimination of human rights abuses and discrimination.

Our 'Café Dialogue' format for this public consultation is proving popular and positive way for everyone to engage. Similar to a café where friends gather for a cup of coffee, we believe this format encourages participation by everyone so that all voices are heard.

But we also recognise that not everyone can attend the meetings. So if you cannot attend any of the regional meetings or meet us at the Ploughing Championships, there is also an opportunity to participate in a written submission or by filling in an online survey, both of which are available on our website [www.ihrec.ie](http://www.ihrec.ie)

The Letterkenny meeting takes place on Thursday 8 October at the Regional Cultural Centre, 45 Fort Road, from 11am to 1pm, with registration from 10.30am.

Craoladh fógraíocht raidió a chuir Comhairliúchán Poiblí Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas chun cinn i rith mhí Mheán Fómhair / mhí Dheireadh Fómhair 2015 ar:

- WLR - Port Láirge
- Live 95 - Luimneach
- Ocean FM - Sligeach
- Highland Radio - Dún na nGall
- Cork 96 & 103 - Corcaigh
- Galway Bay - Gaillimh
- Shannonside - An Longfort

Mar aon le go leor den phobal, chuir na heagraíochtaí seo a leanas aighneacht scríofa chuig Comhairliúchán Poiblí Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas:

- Aoisghníomhaíocht Éireann
- All Together in Dignity
- Cumann Alzheimer na hÉireann
- Amnesty International
- Atheist Ireland
- IT Bhaile Bhlainséir
- An tIonad um Dhíl agus Beartas Míchumais, OÉG
- An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí
- An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
- Comhairle Contae an Chláir
- Clondalkin Travellers Development group
- Community Law and Mediation
- Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
- Culture of Peace
- Deaf Hear Society
- Donegal Action for Cancer Care
- ESC Rights Initiative
- An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
- FLAC
- Focus Ireland
- Grúpa Oibre um Chearta an Duine agus Daoine Scothaosta
- Comhdháil na gCeardchumann
- Cumann Bodhar na hÉireann
- Comhairle Dídeanaithe na hÉireann
- Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann
- Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí
- Acmhainní Pobail an Longfoirt
- Taitneamh Aibí as Alcól sa tSochaí
- Mental Health Reform
- Mid-West Humanists
- Comhairle Chontae Mhuineacháin
- Ionad Chearta na nMírceach in Éirinn
- An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta
- d'Aosaigh
- National Collective of Community Based Womens Network
- One Family
- Ionad Pavee
- Pobal
- Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn
- Shell to Sea
- Seirbhís Ateangaireachta na Teanga Comharthaíochta
- Comhghuaillíocht Phobail Dheisceart Bhaile Átha Cliath
- St Anthony's Park Community Development Initiative
- Tallaght Travellers
- The Humanist Association of Ireland
- Coláiste na Tríonóide
- Walk



**16-22 Sráid na Faiche,  
Baile Átha Cliath 7, D07 CR20**  
16-22 Green Street,  
Dublin 7, D07 CR20

**Guthán/Phone + 353 (0) 1 8589601**

**Facs/Fax + 353 (0) 1 8589609**

**Ríomhphost/Email [info@ihrec.ie](mailto:info@ihrec.ie)**

**Idirlíon/Web [www.ihrec.ie](http://www.ihrec.ie)**

** [@\\_ihrec](https://twitter.com/_ihrec)**